

Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2024 – RÉAMHRÁ CRÍOCHNAITHEACH – 1-4-2025

Réamhrá le Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2024

le Teresa Ribera, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus an Coimisinéir um Iomaíocht

Seo an chéad uair dom réamhrá a chur leis an Tuarascáil ar an mBeartas Iomaíochta, agus is cúis áthais dom a bheith rannpháirteach ar an gcaoi sin. Tugann an cleachtas bliantúil seo deis dúinn breithniú agus machnamh a dhéanamh, go háirithe ag tús sainorduithe nua.

Tá aghaidh á tabhairt againn ar dhúshlán agus is é sin beartas a mhúnlú le linn tréimhse éiginnteachta agus luaineachta an-mhór. Is cosúil go bhfuil an saol faoi mar is eol dúinn é ag athrú níos mó agus níos mó in aghaidh an lae. An tráth céanna, tá tús anois leis an gceathrú bliain de chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise faoin Úcráin, rud a bhfuil tionchar mór aige ar an Aontas, go háirithe mar gheall ar sholáthairtí fuinnimh a bheith á n-úsáid mar uirlis troda. I bhfianaise an mhéid sin, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt go pras ar an ngéarchéim aeráide agus a hiarmhairtí, ar fheabhas a chur ar ár n-iomaíochas agus ar an ngá atá leis an riachtanas athléimneacht a neartú.

Tá gníomhaíocht chinntitheach de dhíth chun geilleagar a bheidh slán i bhfad na haimsire a thógáil atá dícharbónaithe, athléimneach, cothrom, agus lena gcruthaítear poist ardcháilíochta. Eoraip a chuireann rath a saoránach agus a gnólachtaí chun cinn agus atá iomaíoch ar an leibhéal domhanda.

Tá an Eoraip in ann ag an dúshlán. Chuir an Coimisiún Eorpach an Compás Iomaíochais i láthair, tionscnamh mór a chuireann creat straitéiseach ar fáil chun an obair a dhéanfaidh sé amach anseo a threorú. Is cuid dhílis de chur chun feidhme an Chompáis seo an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: plan uailmhianach le haghaidh na hEorpa chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, leas a bhaint as an dícharbónú agus as an gciarlaíocht chun dlús a chur leis an bhfás, spleáchais iomarcacha a laghdú agus an athléimneacht a fheabhsú. Tógann an plan seo ar láidreachtaí na hEorpa, agus cuireann sé dlús leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe, iomaíoch agus cuimsitheach, agus é á áirithiú go gcuirfidh an t-athrú teicneolaíochta borradh faoi iomaíochas ár dtionscal san am céanna.

Rannchuidíonn beartas iomaíochta agus forfheidhmiú iomaíochta leis na cuspóirí seo a bhaint amach. Agus muid ag oiriúnú do réaltachtaí margaidh, ba cheart dúinn seasamh go diongbháilte leis na croíphrionsabail seo: cothroime, oscailteacht agus éifeachtúlacht. Agus an méid sin á dhéanamh, leanfaidh an beartas iomaíochta agus an forfheidhmiú de chur le todhchaí níos fearr don Aontas agus dá shaoránaigh ar feadh na mblianta.

Agus, mar a bhíonn i gcónaí, agus muid ag dul ar aghaidh, cuirfimid leis an obair atá bainte amach cheana féin.

Faoi cheannaireacht an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin Margrethe Vestager, bhain an Coimisiún go leor amach in 2024. An bhliain sin, baineadh nithe tábhachtacha amach i dtaca le Tionscadail tábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna). D'fhormheasamar an chéad IPCEI chun tacú le taighde, nuálaíocht agus an chéad chur in úsáid tionsclaíoch de tháirgí sláinte, chomh maith le próisis táirgthe nuálacha le haghaidh táirgí cógaisíochta. Chomh maith leis sin, d'fhormheasamar dhá IPCEI le haghaidh an bhonneagair hidrigine agus na soghluaisteachta hidrigine, faoi seach. Leis na tionscadail cheannródaíocha seo, féadfar dul chun cinn mór a dhéanamh sna réimsí

Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2024 – RÉAMHRÁ CRÍOCHNAITHEACH – 1-4-2025

taighde sin, rud a bheidh éifeachtaí seach-iarmharta dearfacha aige ar an Aontas ina iomláine.

Cuireadh deireadh le ranna suntasacha den Chreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe i gcaitheamh 2024, toisc gur chúlaigh iarmhairtí díreacha agus indíreacha ghníomhaíochtaí na Rúise agus gur léirigh geilleagar an Aontais athléimneacht in aghaidh na suaití a fulaingíodh. É sin ráite, ghlac an Coimisiún 127 gcinneadh maidir le stáitchabhair lena bhformheastar bearta náisiúnta ar thug 24 Bhallstát fógra ina leith, go háirithe faoi ranna aistrithe an Chreata.

Maidir le himeachtaí in aghaidh trustaí agus cairtéil freisin, ba é an Coimisiún a raibh torthaí air in 2024, ghlac sé deich gcinneadh. I measc ár gcinntí in aghaidh trustaí tá cásanna suntasacha amhail *Mondelez*, *Vifor pharma*, *Teva Copaxone*, *Apple App Store Practices*, *Apple Pay* agus *Meta Facebook Marketplace*.

Ba ghnóthach an bhliain í freisin ó thaobh rialú cumasc. D'fhan líon na gcumasc a dtugtar fógra fúthu ard, agus ghlacamar 398 gcinneadh cumaisc, agus rinneadh 351 díobh a shimpliú. Rinneadh ocht n-éadálach a imréiteach le gealltanais agus ní raibh aon toirmeasc ann in 2024.

Rinneamar dul chun cinn suntasach chun an Gníomh um Margaí Digiteacha (DMA) a fhorfheidhmiú in 2024. Chuir an chéad sé gheatóir ainmnithe a dtuarascálacha comhlíontachta DMA isteach i mí an Mhárta 2024, rud a spreag oscailt fhoirmiúil imscrúduithe neamhchomhlíontachta in aghaidh *Alphabet*, *Apple* agus *Meta*. Níos deireanaí sa bhliain, d'osclaíomar dhá shraith imeachtaí neamhchomhlíontachta in aghaidh *Apple* agus ceann eile in aghaidh *Meta*. Thairis sin, d'ainmníomar *Apple* mar gheatóir dá chóras oibriúcháin *iPadOS* le haghaidh úsáid in *iPads*, agus *Booking* mar gheatóir dá sheirbhís idirghabhála ar líne *Booking.com*.

In 2024, rinneamar bearta nach beag chun an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (FSR) a fhorfheidhmiú, rud a chosnaíonn an Margadh Aonair ó fhóirdheontais shaobhacha arna ndeonadh ag tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Le linn na bliana, fuaireamar 102 fhógra faoi chomhchruinnithe agus d'fhorhmear comhchruinniú amháin atá beartaithe faoi réir gealltanais. Sa deireadh, mar chuid de réamhathbhreithniú i réimse an trealaimh slándála le haghaidh aerfort agus calafort, rinneamar ár gcéad chigireachtaí gan réamhfhógra faoin Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Rinneadh an obair sin ar fad in éineacht le hiarrachtaí leanúnacha chun rialacha iomaíochta a mheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta, chun ár nósanna imeachta a chúicéiriú, agus an t-ualach rialála a laghdú le haghaidh gnólachtaí.

Leanfaimid ar aghaidh ar an gconair sin in 2025 agus le linn an tsainordaithe seo. Tá an Eoraip ag cruthú a samhla úr gnó agus sochaíoch, bunaithe ar an smacht reachta agus táimid ag iarraidh an iomaíocht a chosaint mar chuid riachtanach i dtógáil Mhargaidh Aonair atá glan, cóir agus iomaíoch.